| Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta | Meitheal Forbartha cruinniú #6: 11.02.25<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte** | Moladh agus comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe deiridh. Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **Dréachtsnáithe aontaitheach** | Rinne an mheitheal breithniú ar dhréachtsnáithe aontaitheach a chuimsiú i sonraíocht athfhorbartha na hEolaíochta Talmhaíochta, ag cur leanúnachas agus dul chun cinn ón tsraith shóisearach san áireamh, chomh maith le hailíniú le Bitheolaíocht, Ceimic, agus Fisic na hArdteistiméireachta, agus na gnéithe aontaitheacha sonracha a bhaineann le foghlaim san Eolaíocht Talmhaíochta. |
| **Athbhreithniú ar dhréachtstruchtúr agus coincheapa a eagrú** | Rinne an mheitheal breithniú ar struchtúr athdhréachtaithe do shonraíocht Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta agus ar choincheapa a eagrú laistigh den struchtúr sin. |
| **Dréachtsnáithe comhthéacsúil** | Rinne an mheitheal breithniú ar dhréachtsnáithe comhthéacsúil, lena n-áirítear forbhreathnú snáithe, torthaí foghlama agus sonraí ábhartha le scafláil a dhéanamh ar thorthaí foghlama sa cholún dar teideal 'foghlaimíonn an scoláire faoi', ag teacht le Foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus ábhair mhachnaimh** | Rinne an cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as an méid a rinne siad. Déanfaidh feidhmeannas CNCM athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh dréachtábhair don chéad chruinniú eile.<br><br>An Chéad Chruinniú Eile: 12 Márta 2025 |